



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA AR
THORANN
2019-2023**

Infreastruchtúr
agus Oibríochtaí
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

Deireadh Fómhair

2019

Taifead maidir le Leasú Doiciméid

Tionscadal: Pleanáil Gníomhaíochta Torainn

Doiciméad: Plean Gníomhaíochta ar Thorann 2019

Athbhreithniú	Cuspóir / Cur síos	Bunús	Údar	Faofa	Dáta
D01	Dréacht	Bóithre agus lompar	DF	MNC	20/05/2018
D02	Dréacht	Bóithre agus lompar	DF	MNC	17/01/2019
D03	Dréacht	Bóithre agus lompar	FH	JC	19/11/19

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

D'ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Phlean Gníomhaíochta ar Thorann 2019-2023 seo le dul i ngleic le torann timpeallachta ó mhórbhóithre sa chontae ar a mbíonn níos mó ná trí mhilliún feithicil sa bhliain. Clúdaíonn an réimse pleanála gníomhaíochta píosaí de Mhótarbhealaí an M6, M17 agus M18, Príomhbhóithre Náisiúnta an N6 agus N17, Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha an N59, N65, N67, N83, N84 agus Bóithre Réigiúnacha an R336, R339, R354, R381, R446, R458 agus R939 agus tailte in aice leo.

Réitíodh an plean de réir na gceanglas i dTreoir AE 2002/49/CE (dá dtagraítear go coitianta mar an Treoir um Thorann Timpeallachta, nó "END").

Trasuíodh Treoir END i nDlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Torann Timpeallachta) 2018, I.R. Uimh. 549/2018.

Is é aidhm na Treorach agus na Rialachán, foráil a dhéanamh maidir le cur chuige comhchoiteann a fhorfheidhmiú sa Chomhphobal Eorpach chun éifeachtaí dochracha, lena n-áirítear bearráin, mar gheall ar nochtadh do thorann timpeallachta a sheachaint, a chosc nó a laghdú ar bhonn tosaíochta.

Is éard is torann timpeallachta, torann taobh amuigh nach bhfuil ag teastáil nó atá dochrach a chruthaítear de bharr gníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear torann a chruthaítear le hiompar, trácht ar bhóithre, trácht iarnróid, trácht aeir agus torann i gceirtleáin thar mhéid sonraithe. I measc na gcineálacha torainn **nach** n-áirítear sna Rialacháin tá torann a dhéanann an duine nochta, torann ó ghníomhaíochtaí tí, torann a chruthaíonn comharsana, torann ag ionaid oibre nó torann taobh istigh de mhodh iompair nó mar gheall ar ghníomhaíochtaí míleata i limistéir mhíleata.

Sannadh freagracht do Chomhlachtaí Mapála Torainn agus Údaráis Pleanála Gníomhaíochta faoi na rialacháin chun mapaí torainn a chur i dtoll a chéile don tríú babhta in 2017 agus chun pleananna gníomhaíochta a réiteach maidir le torann ó na foinsí torainn seo a leanas:

- iarnróid mhóra le níos mó ná 30,000 pasáiste traenach in aghaidh na bliana (ní bhaineann sé seo le Contae na Gaillimhe).
- aerfoirt mhóra ina mbíonn níos mó ná 50,000 eitilt in aghaidh na bliana (ní bhaineann sé seo le Contae na Gaillimhe).
- mórbhóithre le níos mó ná 3 mhilliún feithicil sa bhliain.
- ceirtleáin le níos mó ná 100,000 cónaitheoir (ní bhaineann sé seo le Contae na Gaillimhe).

D'ullmhaigh Bonneagar Iompair Éireann (TII), mar chomhlacht mapála torainn do mhórbhóithre náisiúnta, mapaí torainn le haghaidh codanna de na Bealaí Náisiúnta (bealaí M agus N) i gContae na Gaillimhe ar deimhníodh le sonraí comhairimh feithiclí gur mórbhóithre iad chun críocha na Rialachán. **Ullmhaíodh na Mapaí Torainn bunaithe ar an rangú bóithre náisiúnta tráth ar tugadh faoin mapáil torainn agus dá bhrí sin ní áirítear iontu an t-athrangú ar líonra na mBóithre Náisiúnta i nGaillimh tar éis don Mhótarbhealach M17/M18 ó Ghort go Tuaim oscailt.** D'ullmhaigh an TII mapaí torainn freisin thar ceann Comhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh codanna de Bhealaí Réigiúnacha (bealaí R) ar a mbíonn níos mó ná 3 mhilliún feithicil sa bhliain. Meastar ón mapáil torainn agus ó na sonraí logeolaire go bhféadfadh daonra de thimpeall 9,909 duine a bheith suite i mbandaí torainn timpeallachta ó 55 go >75dB L_{den} agus daonra de thimpeall 5,817 duine a bheith suite i mbandaí torainn timpeallachta 50 go >70dB L_{night} laistigh de limistéar pleanála gníomhaíochta Chontae na Gaillimhe.

Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta seo iarracht a dhéanamh an timpeallacht torainn reatha a bhainistiú agus an timpeallacht torainn amach anseo a chosaint laistigh den limistéar pleanála gníomhaíochta. Beifear in ann an timpeallacht torainn reatha a bhainistiú trí thosaíocht a dhéanamh de limistéir óna bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh measúnaithe agus maolaithe torainn. Beifear in ann timpeallacht torainn amach anseo a chosaint trí phleanáil fuaime, ina n-ionchorprófar torann a thuilleadh sa phróiseas pleanála trí bhearta cosúil le pleanáil úsáid talún, pleanáil forbartha, beartas inslithe fuaime, pleanáil tráchta agus rialú ar fhoinsí torainn timpeallachta.

RÁITEAS BEARTAIS MAIDIR LEIS AN bPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iarracht dul i ngleic le torann timpeallachta ó mhórbhóithre an chontae, timpeallachtaí torainn sásúla a chothú san áit ina bhfuil siad agus aird a bheith acu ar phleanáil fuaime sa phróiseas pleanála (laistigh de theorainneacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000) chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go n-áireofar forálacha i bhforbairtí amach anseo chun an daonra a chosaint ó thionchair an torainn timpeallachta ar mhaithe le taitneamhacht cónaithe agus sláinte an phobail.